


Bileog Oibre 3A:

Féach ar an ngraf thíos



1. Taispeánann an graf thuas an líon cúilíní a fuair cuid de na tosaithe is fearr sa tír sa chraobhchomórtas.

- Cén t-imreoir is mó a fuair cúilíní?
- Cé mhéad cúilín a fuair siad ar fad le chéile?
- Cé a fuair an líon is lú cúilíní?
- Cé mhéad cúilín níos mó ná Ross Munnelly a fuair Colm Cooper?
- Cén t-imreoir a phiocfadh tusa d'fhoireann do chontae féin?
- Cén bheirt imreoirí a fuair an líon céanna cúilíní?

2. Tarraing graf chun scóir na n-imreoirí seo a leanas a léiriú:

Stephen O'Neill	16 cúilín
Kieran Donaghy	22 cúilín
Pádraig Joyce	12 cúilín
Dessie Dolan	14 cúilín
Graham Geraghty	17 cúilín

An raibh fhios agat? D'imir Ogie Moran, Pat Spillane, agus Paudie Ó Sé i ndeich gcinn de Chluichí Ceannais na hÉireann agus bhuaigh siad ocht gcinn acu. Sin éacht nár sháraigh aon duine ó shin. Cé mhéad bonn uile Éireann a bhuaigh siad eatarthu.

Bileog Oibre 3B: Ionad Luach

1 (a) Tinrimh

Cluiche CLG	Tinreamh	Slánaigh chuig an 10 is gaire	Slánaigh chuig an 100 is gaire	Slánaigh chuig an 1000 is gaire
Áth Cliath v Luimneach	5,401			
Maigh Eo v Sligeach	9,107			
Loch Garman v Tiobraid Árann	7,854			
Corcaigh v Dún na nGall	1,239			
Ard Mhacha v Ros Comáin	3,415			

(b) Cuir na tinrimh thuas in ord ón gcluiche ba lú tinrimh go dtí an ceann ba mhó tinrimh.

_____ ; _____ ; _____ ; _____ ; _____ ; _____.

2. Scríobh gach ceann de na tinrimh seo a leanas i ndigití:

- Ceithre mhíle, seacht gcéad caoga ceathair.
- Aon mhíle, ocht gcéad agus a haon.
- Seacht míle, dhá chéad agus seachtó trí.
- Sé mhíle agus a cúig.
- Ceithre mhíle, trí chéad agus a ceathracha haon.

3 (a) Seo a leanas an líon vótaí a fuair na réaltaí is mó sa CLG i suirbhé a rinne an iris Cúl4kidz le déanaí.

Imreoirí	Vótaí
Jason Sherlock	6,297
Ciarán MacDonald	1,506
Owen Mulligan	2,307
Kieran Donaghy	7,541

(b) Déan liosta de na himreoirí de réir an líon vótaí a fuair said.

_____ ; _____ ; _____ ; _____.

(c) Scríobh uimhir atá idir líon na vótaí a fuair Kieran Donaghy agus líon na vótaí a fuair Jason Sherlock.


(d) Suimigh an líon vótaí a fuair Jason Sherlock leis an líon vótaí a fuair Owen Mulligan.




An raibh fhios agat? An scór is airde a fuair imreoir aonair i gcluiche Ceannais na hÉireann ná dhá chúl agus sé chúilín. Fuair Jimmy Keaveney an scór sin in aghaidh Ard Mhacha sa chluiche ceannais i 1977. An féidir leat a oibriú amach cé mhéad cúilín a fuair sé ar fad. Ná déan dearmad gur ionann cúl amháin agus trí chúilín.



Bileog Oibre 3C: Píchairteacha


1. Scrúdaigh an píchairt thíos



-  Lucht leanúna Chorcaí
-  Lucht leanúna Chill Chainnigh
-  Lucht leanúna a bhí neodrach

Léiríonn an píchairt seo an míle den lucht leanúna a d'fhéach ar Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann ó Ardán Nally.

- (a) Cé mhéad de lucht leanúna Chorcaí a bhí ann?
 - (b) Cé mhéad de lucht leanúna Chill Chainnigh a bhí ann?
 - (c) Cé mhéad den lucht leanúna a bhí neodrach?
2. Ag searmanas bronnta All-Stars le déanaí, Fuair Maigh Eo cúig cinn, fuair Ciarraí cúig cinn agus fuair na contaetha eile cúig All-Stars eatarthu. Tarraing píchairt chun é seo a léiriú.
 3. Seo mar a bhí an slua ag cluiche ceannais iománaíochta Chumann na mBunscoil.




-  Fir
-  Mná
-  Páistí

- (a) An bhfuil an píchairt seo roinnte i gcodáin atá cothrom?
- (b) Cén codán den píchairt a léiríonn gach mír?
- (c) Léiríonn an píchairt sé mhíle den lucht féachana a bhí ag an gcluiche. Cé mhéad duine atá léirithe i ngach mír?

An raibh fhios agat? D'fhreastal 90,556 duine ar chluiche idir an Dún agus Uíbh fhailí i 1961. Ba é sin an líon ab airde riamh ag cluiche CLG. An féidir leat a fháil amach cé mhéad duine a thógann Páirc an Chrócaigh sa lá atá inniu ann.

Bileog oibre 3D: Codáin



1. Féach ar an mballa codáin thuas agus líon isteach na boscaí folmha chun é a chríochnú.

2. Nuair a bhíonn an balla codáin críochnaithe agat bain úsáid as chun na ceisteanna seo a fhreagairt:

- Má fuair Henry Shefflin $\frac{4}{10}$ de chúilíní Chaill Chainnigh i gcluiche le déanaí, an bhfuair sé níos mó nó níos lú ná leath?
- I gcluiche de chuid na Sraithe Náisiúnta le déanaí, fuair Áth Cliath? de na cártaí buí a thug an réiteoir amach. An bhfuair siad níos mó nó níos lú ná leath?
- I gcluiche ceannais iománaíochta le déanaí fuair John Mullane sé cinn de na hocht gcúilín a fuair Port Láirge. Fuair Rory Jacob seacht gcinn den deich gcúilín a fuair Loch Garman. Cé a fuair an codán is mó de na cúilíní a fuair a gcuid foirne? Cén fhoireann a bhuaigh an cluiche?

3. Tá 15 imreoir ar an bhfoireann peile All-Stars. Tá roinnt All-Stars ag na contaetha seo a leanas:

- Áth Cliath: 3
- Ciarraí: 6
- Maigh Eo: 4
- Ard Mhacha: 1
- Corcaigh: 1

Cén codán den fhoireann All-Stars a thagann ó gach contae?

- Ciarraí
- Áth Cliath
- Ard Mhacha
- Corcaigh
- Maigh Eo

4. Bhí an fhoireann iománaíochta All-Stars roinnte idir na contaetha seo a leanas:

- Corcaigh: 3
- Gaillimh: 2
- Port Láirge: 2
- Loch Garman: 2
- Cill Chainnigh: 5
- Tiobraid Árann: 1

Cén codán den fhoireann a thagann ó gach contae?


- Cill Chainnigh
- Corcaigh
- Gaillimh
- Port Láirge
- Tiobraid Árann
- Loch Garman

Déan liosta de na contaetha, ag tosú leis an gcontae a raibh an codán is mó d'imreoirí ar fhoireann All-Stars aige.

An raibh fhios agat? D'imir Christy Ring le Corcaigh deich n-uair i gcluichí ceannais na hÉireann san iománaíocht. An féidir leat meastachán a dhéanamh ar cé mhéad nóiméad a d'imir sé, san iomlán, i gcluichí ceannais na hÉireann.

Bileog Oibre 3E: Meastachán

1. Féach ar an mbosca thíos.



Tabhair buille faoi thuairim:

(a) Cé mhéad siombail sa bhosca?

Anois déan meastachán:

(b) How many symbols are in the box?

Anois déan iad a chomhaireamh:

(c) Cé mhéad siombail atá sa bhosca?

An raibh na trí fhreagra cosúil lena chéile?

An bhfuil meastachán níos cruinne nó níos míchruinne ná buille faoi thuairim?

2. Déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

- (a) Tá Seán agus Tomás ag féachaint ar chluiche i bPáirc an Chrócaigh. Agus trí nóiméad fágtha tá Fear Manach chun tosaigh ar Luimneach le cúl agus cúilín. Fiafraíonn Seán de Thomás cé aige a bheidh an bua, dar leis. Freagraíonn Tomás Fear Manach mar go bhfuil siad chun tosaigh ag an bpointe seo. An buille faoi thuairim nó meastachán atá anseo?
- (b) D'fhiafraigh Áine de Mharc cé a bhuafadh craobh ceannais na hÉireann sa pheil i mblíana. D'fhreagair Marc gurbh fhearr leis féin iománaíocht agus nach raibh mórán eolais aige faoi na foirne ach gur roghnaigh sé Doire mar gur tháinig a athair ó Dhoire. An buille faoi thuairim nó meastachán a bhí anseo?
- (c) Cheannaigh Declan ticéad do chrannchur ina chlub CLG áitiúil. Phioc sé an uimhir 795 mar sin an mhí agus an bhliain inar rugadh é. An buille faoi thuairim nó meastachán a bhí anseo?
- (d) Ní raibh Niamh ag traenáil oíche Déardaoin ach bhí fhios aici go raibh cluiche ar an Domhnach. Ní raibh sí cinnte cén t-am a raibh an cluiche le tosú. Bhí fhios aici go dtagaidís le chéile de ghnáth ag an gclubtheach ag 12:30i.n. nuair a bhíodh cluichí baile ar siúl. D'imir siad as baile an tseachtain roimhe sin agus mar sin tháinig sí ag an am seo. An buille faoi thuairim nó meastachán a bhí anseo?

3. Cuireann músaem CLG nithe ar taispeáint a bhaineann le stair an chumainn.

- (a) Dé Luain bhí 112 duine a thug cuairt ar an músaem, Dé Máirt bhí 88 duine agus Dé Céadaoin bhí 109. Déan meastachán ar an líon daoine a cheapann tú a thabharfaidh cuairt air ar an Déardaoin: 4, 44, 114 nó 680?
- (b) Dé Sathairn thug 872 duine cuairt ar an músaem. Cén fáth go measann tú difríocht chomh mór sin bheith i líon na gcuartheoirí?
- (c) Cé mhéad duine a thabharfaidh cuairt ar an músaem ar an Domhnach, i do thuairim: 7, 68, 100, nó 781?

Bileog Oibre 3F: Iolrú agus Roinnt**A. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cé mhéad cos atá ag 15 peileadóir
2. Cé mhéad ordóg atá ag seachtar iománaithe?
3. Cé mhéad cuaille báire atá ag 11 páirc?
4. Cé mhéad feadóg ag 12 réiteoir?
5. Má tá 23 leathanach i leabhar nótaí an réiteora, cé mhéad leathanach atá i leabhair nótaí naonúr réiteoirí?
6. Cé mhéad péire d'iallacha bróg a bhíonn ar pháirc peile i rith cluiche sinsir craoibhe?

B. Bris an cód chun an cheist a fhreagairt. Aimsigh an freagra do gach sum agus scríobh an litir sa bhosca ceart.

720	378	462		860	1,360	2,700	336

1. Cén fhoireann a imríonn a gcuid cluichí i bPáirc na nGael (Gaelic Park)

W	66 x 7	O	34 x 40	Y	43 x 20
R	54 x 50	N	90 x 8		
K	112 x 3	E	42 x 9		

2. Ainmnigh an laoch as Ciarraí a threoraigh contae as Cúige Laighean chuig an gcéad mór bhua cúige a bhí acu riamh

432	201	966	2,077	1,114	1,015	2,205	1,020

Á	67 x 3	I	42 x 23	Ó	35 x 29	É	68 x 15
S	45 x 49	P	36 x 12	D	67 x 31	Í	44 x 26

3F



Am puzail

Céard dó a seasann na litreacha i ngach abairt?

- (a) 15 D ar fhoireann peile.
- (b) 32 C in Éirinn.
- (c) 3 CH i gcúl.
- (d) 70 N i gcluiche peile sinsir.

Meaitseáil an abairt leis an abair mhatamaiticiúil agus ríomh an freagra.

Tá 12 sraith de shuíocháin i roinn amháin d'Ardán Uí Ógáin agus tá 16 suíochán i ngach sraith	24 roinnte ar 3
Tá 24 cúilín roinnte go cothrom idir an líne lán tosaigh. Cé mhéad cúilín a fuair gach imreoir? (Bíonn triúr imreoirí sa líne lán tosaigh)	12 x 3
Bíonn ar imreoir idir-chontae rith timpeall na páirce 12 uair gach oíche. Má bhíonn sé ag traenáil trí oíche sa tseachtain, cé mhéad uair san iomlán a théann sé timpeall na páirce gach seachtain?	12 x 16 32 x 30
Má tá painéal de 30 imreoir ag gach contae sa tír, cé mhéad imreoir idir-chontae san iomlán atá ann?	12 x 16

An raibh fhios agat? Bhí cosc ar an iománaíocht i nGaillimh i 1527. Ceadaíodh peil ghaelach agus boghdóireacht. An féidir leat a dhéanamh amach cé mhéad bliain ó chuir Gaillimh cosc ar an iománaíocht?



Bileog Oibre 3G: Am

Rinne an CLG an-cheiliúradh go deo nuair a lasadh na tuilsoilse (floodlights) den chéad uair i bPáirc an Chrócaigh. Tá amchlár de na himeachtaí a bhí ar siúl an tráthnóna stairiúil sin thíos.

5:00 in	Ceol sa staid
5:40 in	Cór Soiscéalach Átha Cliath
6:10 in	Lasadh na dtuilsoilse
6:20 in	Tosaíonn na foirne ag réamhchleachtadh
6:21 in	Na Saw Doctors (ceol traidisiúnta beo)
6:40 in	Tagann foireann Átha Cliath chun páirce
6:42 in	Tagann foireann Thír Eoghain chun páirce
6:50 in	Paráid
6:57 in	Amhrán na bhFiann
7:00 in	Tosaíonn an cluiche
7:35 in	Leath ama – taispeántas idirnáisiúnta ó Chumann na mBunscoil
7:50 in	Tosaíonn an dara leath.
8:25 in	Críochnaíonn an cluiche

1. Féach ar an amchlár thuas agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

- Cén fhad a thóg an pharáid?
- Cén fhad a mhair an chéad leath?
- An raibh cluiche Chumann na mBunscoil níos faide nó níos giorra ná an chéad leath den chluiche mór? Ríomh an difríocht i nóiméid.
- Cén fhad a bhí imreoirí Átha Cliath ar an bpáirc sular tháinig imreoirí Thír Eoghain?
- Cén fhad a sheas an tráthnóna ina iomláine?
- Tháinig Seán in am don pharáid agus d'fhág sé ag deireadh an chluiche. Cén fhad a chaith sé sa staid?
- Cén fhad a mhair taispeántas na Saw Doctors?

2. Taispeánann uaireadóir réiteora an t-am ag 3:05in. Tá an t-uaireadóir 15 nóiméad luath. Céard é an t-am ceart? An bhfuil sé déanach do chluiche a thosaíonn ar 3:00?

3. Thosaigh Tomás ag traenáil lena chlub CLG áitiúil ar 7:40in. Chríochnaigh sé ar 8:20in. Cén fhad a chaith sé ag traenáil san iomlán?

4. Tosaíonn cluiche ar 2:00in. Maireann gach leath 35 nóiméad, agus bíonn briseadh 10 nóiméad ag na himreoirí ag leath ama. Cén t-am a gcríochnóidh an cluiche?


5. Má thógann sé 20 nóiméad camán amháin a dhéanamh, cén fhad a thógfadh sé camáin a dhéanamh d'fhoireann iomlán le 15 imreoir? Cén fhad a thógfadh sé camán a dhéanamh do gach duine i do rang?

An raibh fhios agat? Fuair Nicky English as Tiobraid Árann an scór is airde riamh i gcluiche ceannais iomána na hÉireann. Fuair sé dhá chúl agus dhá chúilín déag. An féidir leat a oibriú amach cé mhéad cúilín a fuair sé san iomlán? Ná déan dearmad gur ionann cúl agus trí chúilín.



Bileog Oibre 3H: Fad

Féach ar pháirc CLG thíos.



- (1) Cén cruth atá ar an bpáirc? _____
- (2) Cén fhad atá imlíne na páirce? _____
- (3) Déan meastachán ar cé mhéad méadar atá idir na cuailí atá ina seasamh suas díreach?

- (4) Ag úsáid do rialóir tomhais an fhad i gceintiméadair idir an líne lár páirce agus an líne cúil.

- (5) An ndéanfá airde na gcuailí a thomhas i gciliméadair(km), i méadair (m) nó i gceintiméadair (cm):
 - (a) Ar an bpáirc féin?
 - (b) Ar an gceann ar scála níos lú atá thuas?

(6) Ag úsáid do rialóir, tomhais cén fhad a bhuail an t-imreoir an liathróid

(a)



(b)



(c)



An raibh fhios agat? Is í an iománaíocht an cluiche páirce is tapúla ar domhan agus gur úsáideadh é i dtosach báire chun seanghaiscígh Gaelacha a thraenáil.